Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá scéal nuachta. Ná féach ar an mír go fóill. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar an dá scéil. Féachaigí ar na pictiúir agus ar na teidil chun cuidiú libh.

Tabhair aire! An Luas

Slán go fóill Chris Henry

Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. foláireamh _____
2. eisithe _____
3. i mbaol _____
4. eachtra _____
5. coisithe _____
6. i gcontúirt _____
7. láithreach _____
8. na hUltaigh _____
9. líne chúil _____
10. cúige _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. An raibh an ceart agaibh maidir le hábhar an dá scéil? Déanaigí liosta den eolas breise a d'fhoghlaim sibh ón mír.

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat go fóill agus samhlaígí gur ag obair do TG4 atá sibh. Tá sibh chun agallamh a chur ar Chris Henry faoina chúlra agus faoina shaol ag imirt rugbaí.

A. Breacaigí síos na ceisteanna le chéile a chuirfidh sibh air.
B. Déanaigí sealaíocht ar na ceisteanna a chum sibh a chur ar a chéile.

Ceist 5 '…Tríocha a ceathair bliain d'aois…'

1. Scríobh amach aois Chris Henry ar bhealach eile.
2. Tá leagan iolra ar leith ag an ainmfhocal 'bliain' tar éis na mbunuimhreacha. Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart den ainmfhocal 'bliain' anois.

	1	2	3-6	7-10
Bliain				

3. Cén aois atá ag na daoine seo a leanas – do chara is fearr, d'athair nó do mháthair, do chol ceathar is fearr, an t-amhránaí is fearr leat? Scríobh amach gach aois i bhfocail.

Ceist 6 '…<u>in aghaidh</u> *na seachtaine*…'

Cuir an fhoirm cheart de na hainmfhocail tar éis na réamhfhocal comhshuite.

i mbun (an obair) _____
tar éis (an scannán) _____
le linn (an rang) _____
ar feadh (an tseachtain) _____
in aghaidh (an fhoireann) _____
os cionn (an teach) _____
os comhair (an scoil) _____

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil córas iompair phoiblí maith againn in Éirinn? Cad chuige?
2. Cén tábhacht a bhaineann le spórt sa tsochaí, dar leat?
3. An gcaitheann daoine barraíocht ama ar a bhfóin phóca, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deich nóiméad nó mar sin do gach beirt plé a dhéanamh ar ábhar na scéalta sula seinntear an mhír.

Ceist 2

1. foláireamh	*warning*
2. eisithe	*issued*
3. i mbaol	*in danger*
4. eachtra	*incident*
5. coisithe	*pedestrians*
6. i gcontúirt	*in danger*
7. láithreach	*immediately*
8. na hUltaigh	*the Ulster people*
9. líne chúil	*back row*
10. cúige	*province*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt ábhar na míre a phlé le chéile, tar éis na chéad fhéachana.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Seo thíos cúpla ceist shamplach:

1. Cén áit ar rugadh agus ar tógadh tú?
2. Cén aois a bhí agat nuair a thosaigh tú ag imirt rugbaí?
3. Cé chomh fada is atá tú ag imirt le Cúige Uladh?
4. Cé chomh fada is atá tú ag imirt d'fhoireann na hÉireann?
5. Cén fáth a bhfuil tú ag éirí as anois?
6. Cad a dhéanfaidh tú leis an gcuid eile de do shaol?
7. An bhfuil clann agat?
8. Cad is maith leat a dhéanamh i d'am saor?
9. Cad é an rud is deacra faoi bheith ag imirt rugbaí go proifisiúnta?
10. Cé hé nó hí do laoch spóirt?

Ceist 5

1. Tá Chris Henry ceithre bliana is tríocha.
2.

	1	2	3-6	7-10
Bliain	aon **bhliain** amháin	dhá **bhliain**	trí, ceithre, cúig, sé **bliana**	seacht, ocht, naoi, deich **mbliana**

3. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla na haoiseanna a chur i láthair an ranga.

Ceist 6

i mbun (an obair)	*i mbun na hoibre*
tar éis (an scannán)	*tar éis an scannáin*
le linn (an rang)	*le linn an ranga*
ar feadh (an tseachtain)	*ar feadh na seachtaine*
in aghaidh (an fhoireann)	*in aghaidh na foirne*
os cionn (an teach)	*os cionn an tí*
os comhair (an scoil)	*os comhair na scoile*

Ceist 7

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá foláireamh eisithe ag Transdev, an comhlacht atá i mbun an *Luas*, i mBaile Átha Cliath, go mbíonn daoine á gcur féin i mbaol mar nach mbíonn siad ag faire rompu agus iad ag déanamh ar an tseirbhís traenach. Deir Transdev go dtarlaíonn ceithre eachtra in aghaidh na seachtaine ar an meán agus gortaítear coisithe a mbuaileann an *Luas* iad. Daoine a bhíonn ag féachaint síos ar a bhfón póca nuair ba chirte dóibh a bheith ag féachaint rompu, is mó a bhíonn i gcontúirt a deir Transdev.

Anois, tá sé in am do chúrsaí spóirt ar fad an lae le hAodhán.

Aodhán Ó Maoileoin
Go raibh maith agat a Eibhlín, agus tosóimid le cúrsaí rugbaí ar dtús tráthnóna. Tá fógartha ag Chris Henry, atá ag imirt d'Éirinn, go bhfuil sé le héirí[1] as an imirt láithreach de bharr gortaithe[2]. Céad ochtó a ceathair uair a d'imir sé do na hUltaigh sa líne chúil. Sa mí[3] Mheán Fómhair a d'imir sé an cluiche deireanach don chúige i gcoinne na *Scarlets*. Fiche a ceathair caipín a bhuaigh sé leis an bhfoireann náisiúnta – an chéad chluiche aige in éineacht leo in 2010 in aghaidh na hAstráile. Tríocha a ceathair bliain d'aois atá Chris Henry.

[1] *le n-éirí* a dúradh
[2] *gortú* a dúradh
[3] Córas Chonnacht